

CUAIRT A RAIBH COINNE LÉI

Ar a seacht nóiméad déag tar éis a naoi ar maidin, Dé hAoine, 23 Aibreán, tugadh sreangscéal chuig Agatán Sacs, Príomheagarthóir an *Byköpings Post*.

Chuirfeadh a leithéid de shreangscéal isteach go mór ar an ngnáthdhuine. Ach ní fhéadfá gnáthdhuine a thabhairt ar Agatán Sacs. Ba dheacair breith amuigh air. Níor lig sé faic air féin agus an sreangscéal á léamh aige:

A SACS A CHARA STOP NÍ MÓR DOM ÉIGEANDÁIL A
FHÓGAIRT ARÍS STOP TÁ AN BHUÍON ANAITHNID I
MBUN GNÓ ARÍS STOP CHUIREAS LEID CHUGAT STOP
NÍL AON LEID EILE AGAINN TÁ DUINE AG TEACHT
TRÍD AN DORAS SEANS GUR GÁ STOP A CHUR LEIS
SEO STOP LISPINGTON CLÓS NA HALBAN

Chuir Agatán Sacs cor ina chroméal galánta go machnamhach. Bhí a dhá shúil ghéara ghorma ag breathnú amach an fhuinneog. Ar feadh cúpla soicind, is ag smaoineamh go domhain a bhí sé ar theachtaireacht aisteach an tsreangscéil. Ansin, de gheit, tháinig sé ar ais ó chríoch na n-aislingí. Ar ais go Byköping. Rug sé ar an bhfón agus ghlaigh ar Oifig an Phoist.

‘Hóra hóra! Agatán Sacs anseo. Cé atá agam?’

‘Oifig an Phoist, a Sacs,’ a d’fhreagair bean chairdiúil.
‘Cad a d’fhéadfaimis a dhéanamh inniu duit?’

‘Is mian liom sreangscéal an-tábhachtach a sheachadadh, a Iníon Olsson. An sreangscéal is tábhachtaí a chuireas riamh, seans.’

‘Go breá, a Agatáin. Táim ag éisteacht leat.’

‘Ar fheabhas. Don Phríomh-Chigire Lispington, Clós na hAlban (Scotland Yard), Londain, é an sreangscéal. An teachtaireacht mar a leanas:

A LISPINGTON A CHARA STOP TÁ AN LEID SÁBHÁILTE
IS FAOI GHLAS STOP LEID AN-LUACHMHAR Í STOP
NÁ BÍODH IMNÍ ORT STOP MISE ATÁ UATHU NÍ
CLÓS NA HALBAN STOP MEASAIM GO BHFUIL AN
DÚCHEIST FUASCAILTE AGAM STOP LÉIM AR AN
GCÉAD EITLEÁN EILE STOP TUURLING I MÓINÉAR
JOHANSSON LASMUIGH DE BYKÖPING AR 18:15
INNIU STOP AINTÍN MÁIRE TREASA AG BUALADH AR
AN MBALLA AG RÁ STOP STOP AGATÁN SACS

‘An bhfuil sé sin go léir agat, a Iníon Olsson?’

‘Tá go deimhin, a Agatáin, ach...’

‘Ach...?’

‘An ndúirt tú go raibh duine éigin ag bualadh ar an mballa?’

‘Dúirt, sea. Nach gcloiseann tú é?’

Bhí ciúnas ann ar feadh tamaill. Ba léir go raibh Iníon Olsson ag éisteacht go géar.

‘Gan amhras. Ach ní raibh a fhios agam gurbh í d’Aintín í.’

‘Tuigim. Bhuel, is í atá ann ceart go leor, agus nuair a

bhuaileann sí ar an mballa, caithfear aird a thabhairt uirthi. Ba mhaith léi go stopfainn ag caint anois. Slán, a Iníon Olsson.’

‘Slán, a Agatáin.’

Chuir sé síos an guthán. Ansin, luigh sé siar sa chathaoir rothlach agus lig béic leis an mballa:

‘Tá go maith, a Aintín. Cloisim thú! Beidh mé chugat gan mhoill i gcomhair caife.’

‘Níl an caife réidh fós, a Agatáin,’ arsa an balla go teann. ‘Ach dúirt tú uair an chloig ó shin gur chóir dom a rá leat dá mbeadh éinne ag teacht tríd an bpoll amhairc — is é sin, dá mbeadh éinne feicthe agam tríd an bpoll amhairc. Tá siad anseo anois!’

‘Tá níos mó ná duine amháin ann?’

‘Tá. Bithiúnaigh. Nó bleachtairí. Cá bhfios? An saghas a mbeifeása ag súil leis, a Agatáin. Maidí siúil acu agus iad á luascadh go bagrach. Cheapfá go rabhadar chun iad a chaitheamh liom.’

‘Thar barr!’ arsa Agatán Sacs agus chuimil sé a lámha dá chéile le sásamh. ‘Cuimhnigh ar na treoracha a thugas duit, a Aintín Máire Treasa! Lig dóibh luí ar an gcloigín trí huaire, ansin oscail an doras dóibh. Abair leo go bhfuilim as baile agus nach bhfuil a fhios ag éinne ach daideo cathain a bheidh mé sa bhaile arís. Ar fheabhas! Thar barr!’

I bhfaiteadh na súl, chuir Agatán Sacs seaicéad cois tine air féin, seancheann glas, agus ansin ransaigh cófra mór. Nuair a bhí deireadh déanta aige, ní aithneofá é: féasóg fhada scaoilte; spéaclaí breátha ina suí ar a shrón, agus ina lámh dheas bhí leabhar breá mór dar theideal

An tSualainn Mar a Bhí. Seanóir ab ea é. Chuardaigh sé a phóca le deimhniú go raibh an litir ann — litir a bhí scríofa aige an oíche roimh ré agus a fhios aige go mbeadh gá léi.

Brúdh cloigín an dorais. D'fhan Aint Máire Treasa go dtí gur chuala sí an tríú cling sular oscail sí an doras. Sheas siad ansin — triúr fear uasal, a maidí siúil á luascadh acu chomh healaíonta sin go gceapfá gur ag cleachtadh le mí anuas a bhíodar le haghaidh mír in amharclann cheoil.



Níorbh ionann iad ó thaobh toirte ná airde de. Bhí an té ab airde acu ceithre horlaí níos airde ná an compánach ba ghaire dó, agus eisean thart ar dhá orlach níos airde arís ná an tríú duine. Tanaí go leor a bhí an té ab airde acu, agus an bheirt eile ina bplobairí. Is iad a bhí dea-ghléasta, ó bhonn go baithis, hataí arda Ascot agus lámhainní is speaitíní ar na bróga ag teacht leo.

Bealach plásmásach lústrach a bhí ag an té ab airde den triúr agus d'aithin Aint Máire Treasa ar a ghlór go mba eachtrannach é.

‘A bhean chóir, an bhféadfainn Agatán Sacs a fheiscint más é do thoil é?’

Chuir Aint Máire Treasa na súile tríd.

‘Imithe,’ ar sí, go borb.

‘Imithe? Ó! I bhfad as seo?’

‘I bhfad as seo. Ó!’

‘Ó!’ arsa an fear ard agus aoibh lúitéiseach air. ‘Agus cathain a thiofaidh sé ar ais, a bhean mhaith?’

‘Ó, ag daideo amháin atá a fhios.’

‘Tuigim. Daid-eo. Agus an bhféadfainn labhairt leis an Uasal Daid-eo, le do thoil?’

‘Ó, d’fhéadfá, is dócha!’ arsa Aint Máire Treasa. D’iompaigh sí ón doras agus d’fhéach trasna an halla. Bhí seinnteoir ceirníní le cloisteáil trí dhoras oscailte an tseomra suí.

‘A Dhaideo!’ ar sise de liú. ‘Múch an diabhal meaisín sin. Táim tinn tuirseach den seancheirnín céanna sin. Ar aon chuma, tá triúr fear uasal anseo chun tú a fheiscint.’

D’fhéach an triúr acu ar a chéile go slítheánta agus luascadar a gcuid maidí siúil arís.

Tháinig seanóir críonna caite trí dhoras an tseomra suí. Ba é Agatán Sacs é, ar ndóigh — ach cé a cheapfadh é! — é mar dhaideo aige féin, nó ina dhaideo ag Aint Máire Treasa; sa chás sin, bheadh sé chomh sean leis an gceo.

Bhí cuma chairdiúil air agus d'iarr sé ar an triúr é a leanúint isteach sa seomra suí, cé gur dhein Aint Máire Treasa iarracht ar iad a chosc, á rá os íseal, ‘Seachnaígí anois nó cuirfidh mé fios ar an gCigire Antonsson, duine nár buaileadh bob riamh air!’

‘Cén chaoi a bhfuil tú, a Dhaideo!’ arsa an té ab airde acu, os ard, ag ceapadh gur leathbhodhar a bheadh Agatán Sacs. ‘Tá gnó an-tábhachtach againn le hAgatán Sacs, ach deir an bhean chineálta seo linn go bhfuil sé ‘imithe’ mar a deir sí, imithe i bhfad i gcéin.’

‘Imithe, sea,’ arsa Agatán Sacs a bhí ar fheabhas ar fad chun aithris a dhéanamh ar ghlór lag seanóra.

‘Agus cathain atá súil ar ais leis, le do thoil, a Dhaideo?’

‘Ó,’ arsa Agatán Sacs, ‘is oth liom a rá nach mbeidh sé ar ais roimh an Aoine. Aoine na seachtaine seo chugainn.’

‘Aoine na seachtaine seo chugainn, ab ea?’

‘Díreach é. Go deimhin, fuaireas litir uaidh tráthnóna inné.’

Chuardaigh ‘Daideo’ a chuid pócaí, ceann i ndiaidh a chéile, cuma dhearmadach air, go dtí gur tháinig sé ar an litir sin a bhí scríofa aige féin.

‘Seo í!’ ar seisean, go buach, agus shín an litir chuige, crith ina lámh — seanóir par excellence.

Ghlac an reangartach fir leis an litir agus é ar bís chun í a léamh:

A Dhaideo dhil agus a Aintín Máire Treasa,

Beidh mé chugaibh arís Dé hAoine, an 30ú Aibreán. Go raibh maith agaibh as a chur in iúl dom go mbeidh litir romham ón bPríomh-Chigire Lispington. Ní gá dhaoibh í a oscailt. Fág ar an deasc dom í le bhur dtoil. Réitígí cupán seacláide dom le huachtar coipthe agus beidh mé an-sásta go deo, ach ná fanaigí in bhur suí romham.

Mise, i gcónaí,

Agatán



‘Go diail ar fad, a Dhaideo,’ arsa an fear ard ón gcoigríoch, agus shín sé an litir ar ais chuige.

‘An ndéarfá, le do thoil, le Sacs, gur tháingamar ar cuairt chuige — sinne na hUaisle Max, Max agus Max.’

‘Sin an méid?’

‘Sea, is leor sin. Nó an ceart níos mó ná sin a rá, a Dhaideo, dar leat? Ó, tá go maith mar sin. Abairse leis gur mian liomsa, Airiciméidéas Max, an Draíodóir, an Doilfeoir — an Cluanaire Súl — is cáiliúla ar domhan, gur mhaith liom go mór bualadh leis an mBleachtaire Priobháideach is cáiliúla ar domhan, Agatán Sacs. Conas a bheadh sé sin?’

‘Ó, déarfaidh mé an méid sin leis, gan teip, a Airiciméidéas Max, déarfaidh cinnte. Beidh sé thar a bheith sásta.’

‘Ó, go diail ar fad! Agus an bhféadfainn dhá thicéad a bhronnadh oraibh le dea-mhéin uaimse, a bhean chóir, ceann duitse; agus ceann duitse, a Dhaideo uasail.’

‘Ticéid? Cad i gcomhair?’ arsa Aint Máire Treasa, agus í chomh hamhrasach is a bhí riamh.

‘Ó, a bhean chóir, seó. Seó Mór anocht in Byköping!’

Ansin, is é ag cur gothaí air féin, tharraing sé amach vallait mhór theann as a phóca brollaigh agus shín dhá thicéad dea-mhéine chuig ‘Daideo’, a ghlac leo go cúirtéiseach.

D’fhág an triúr acu slán ansin ag ‘Daideo’ is Aint Máire Treasa, agus as go brách leo i dtreo a n-óstáin, na maidí siúil á luascadh acu go haerach.

D’fhéach Agatán Sacs orthu go machnamhach agus iad ag dul as radharc uaidh timpeall an chúinne. Bhí gach aon ní chomh soiléir leis an lá, gach aon rud ag teacht lena raibh déanta amach aige roimh ré.

Chuimil sé a lámha dá chéile, agus dá mbeifeá in ann féachaint trína fhéasóg dhlúth, bhí miongháire aoibhinn ar a bhéal. Bhí Aint Máire Treasa bailithe léi — ag cniotáil, bí cinnte de: thuig sí go maith gur fearr Agatán Sacs a fhágáil leis féin nuair a bhíonn sé i mbun smaointeoireachta.

Bhain sé preab as féin, beagnach, nuair a léim sé go bun an staighre a thug go dtí an oifig é. Cúig shoicind ina dhiaidh sin, bhí sé suite ag a dheasc. Bhreac sé síos cúpla nóta ar ghiota páipéir; ansin, las sé dara píopa na hAoine.

Bhí néalta deataigh ina thimpeall. Droch-nós, gan amhras, ach bhí na néalta sin mar bhrat idir é agus an chuid eile den domhan: bhí air a bheith scoite amach chun machnamh ceart a dhéanamh ar an saol.

Shín sé a lámh dheas amach chun breith ar an micreascóp iontach BL57 a fuair sé mar bhronntanas ó bhanc áirithe sa Bhulgáir ‘mar chomhartha buíochais shíoraí’. B’fhiú thart ar £1,000 é — an micreascóp (seachas an banc).

Bhí cás beag luaidhe ar a dheasc, ar aon mhéid le bosca lasán. D’oscail sé é go cúramach. D’ardaigh sé rud beag bídeach a bhí ann le pionsúirín, rud a bhí geall le bheith dofheicthe, agus é ina luí ar chúisín veilbhite sa chás.

Leag sé faoin micreascóp é go han-chúramach ar fad, chun a sheiceáil, uair amháin eile, go raibh an ceart aige ina thaobh. Bhí, gan dabht. Ba leis an duine sin a raibh sé in amhras faoi ón gcéad nóiméad an ribe gruaige a bhí á scrúdú anois aige.

Shín sé a lámh amach arís — an uair seo go dtí an leabhragán. Thóg sé anuas ceann de na leabhair is mó cáil ar mhodhanna póilíneachta in aghaidh na coiriúlachta.

Is é a bhí ann *Cúpla Billiún Ribe Gruaige* leis an ollamh clúiteach Meiriceánach, E. H. O'Hare.

Bhí néalta deataigh ag teacht anois uaidh ar nós comharthaí deataigh na Meiriceánach Dúchasach, tráth den saol, agus anailís ghéar á déanamh aige ar mhórshaothar E. H. O'Hare. Ó am go chéile, théadh sé go dtí an cuirtín dearg a bhí os comhair an chófra, chun breathnú isteach ann.

Tamall ina dhiaidh sin, ar 18:15 le bheith cruinn ceart ina thaobh, thosaigh rudaí ag tarlú. Go deimhin, b'in tús leis an eachtra ar fad, nuair a thuirling an Príomh-Chigire Lispington ó Chlós na hAlban ar mhóinéar Johansson.